Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Feabhra 2022
(OR. fr)

6022/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0018(BUD)**

FIN 125
PE-L 10

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5719/22 (COM(2022) 81 final) |
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta 2022 lena ndéantar buiséadú maidir leis an tionchar ar bhuiséad 2022 den Choigeartú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027<br>– *Glacadh* |

1. An 28 Eanáir 2022[1], chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 don bhuiséad ginearálta do 2022 maidir leis an tionchar ar bhuiséad 2022 d'oiriúnú an chreata airgeadais ilbhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[2].

   Is é cuspóir an togra seo tionchar sonrach an aistrithe sin ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2022 a léiriú i gcás na gcistí éagsúla faoi bhainistíocht chomhroinnte faoi (fho)-cheannteidil 2a, 3, 4 agus 5.

[1] Bhí gach leagan teanga ar fáil an 31 Eanáir 2022.
[2] 5718/22.

Ar an iomlán, is é méadú EUR 12 247.1 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas tionchar glan an DAB sin ar chaiteachas i méideanna bhuiséad 2022. Ní iarrtar aon leithreasú breise faoi chomhair íocaíochtaí.

2. Chun go mbeidh an Chomhairle in ann seasamh a ghlacadh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2022 gan mhoill, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, giorrú a dhéanamh ar an tréimhse 8 seachtaine a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 3(3) dá Rialacha Nós Imeachta.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 6/2022 ag na cruinnithe a bhí aige an 1 agus an 10 Feabhra 2022 agus bhí sé in ann glacadh leis gan aon athrú.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2022, mar a leagtar amach i bpointe 3 é, a ghlacadh,

– treoir a thabhairt don Uachtaránacht na doiciméid bhuiséadacha atá le cur chuig Parlaimint na hEorpa a ullmhú agus an dréachtlitir san Iarscríbhinn a fhormheas chuige sin; agus

– an Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, mar a leagtar amach in 6023/22 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

– i bhfianaise phráinn an ábhair, go gcinnfidh an Chomhairle maolú a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 3(3), an dara fomhír de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin, a shoilse,

Tá an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 don bhliain airgeadais 2022, a ghlac an Chomhairle an 24 Feabhra 2022, á chur ar aghaidh agam chugat i ndoiciméad ar leithligh.

(Mise le meas).

---